C/2025/6051

7.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12188 — TJC / DUPONT'S ARAMIDS BUSINESS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6051)

1. An 29 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— New Arclin U.S. Holding Corp, ('Arclin', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú indíreach cistí atá á mbainistiú ag cleamhnaithe TJC LP ('TJC', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— DuPont de Nemours, Inc.'s Aramids Business ('an Spriocghnólacht', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh TJC rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an Spriocghnólacht ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta é TJC a dhíríonn ar chuideachtaí meánmhargaidh atá gníomhach i réimsí an tomhaltóra agus an chúraim sláinte, na tionsclaíochta, na teicneolaíochta, na teileachumarsáide agus na bhfóntas, agus an iompair agus na lóistíochta. Is cuideachta eolaíochta ábhar é Arclin agus monaróir teicneolaíochtaí polaiméire, táirgí a ndearnadh innealtóireacht orthu agus ábhar speisialaithe le haghaidh na dtionscal tógála, talmhaíochta, bonneagair iompair, cosanta aimsire agus dóiteáin, cógaisíochta, cothaithe, leictreonaice, dearaidh, agus tionscail eile,

— is é an Spriocghnólacht gnólacht araimídí DuPont, a tháirgeann snáithíní sintéiseacha ardfheidhmíochta faoi na hainmneacha brandaí Kevlar agus Nomex.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12188 — TJC / DUPONT'S ARAMIDS BUSINESS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË